

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Ealaíontóir:	Sebastián
Teideal:	<i>Chac Mool</i> , 2002
Meán:	cruach bhog sprépheinteáilte
Toisí:	airde 165 x fad 320.5 x doimhne 130.5cm
Nótaí:	An t-ealaíontóir féin a bhronn sa bhliain 2004 agus cabhair ina leith sin ó Ambasad Mheicsiceo in Éirinn

Rugadh i Chihuahua, Meicsiceo, 1947

Rugadh Enrique Carbajal González i Chihuahua i dtuaisceart Mheicsiceo go gairid tar éis dheireadh an dara cogadh domhanda. Tírghráthóir atá ann ó thús a shaoil agus tá sé ag cónaí agus ag obair i gCathair Mheicsiceo anois. Ghlac an t-ealaíontóir an leasainm 'Sebastián' chuige féin i ngeall ar phictiúr a phéinteáil Sandro Botticelli, Iodálach ó ré na hAthbheochana sa 15^ú Aois, den mhairtíreach Naomh Sebastian. Is mar gheall ar na saothair mhóra dealbhóireachta poiblí, arna gcruithú as cruach nó coincreít, is fearr atá eolas air. Tá saothair den chineál sin leis ar feiceáil ar fud an domhain faoin tráth seo agus tá ceithre cinn acu in Éirinn, iad ar fad bronnta go fial flaithiúil ag an ealaíontóir.

Tháinig an tóir ar an ealaín chun cinn go hóg ann agus chláraigh sé san Escuela Nacional de Artes Plásticas i gCathair Mheicsiceo sa bhliain 1965. Chuaigh sé i mbun staidéir ina dhiaidh sin in Acadamh San Carlos sular thug sé faoi shaol an ealaíontóra go lánaimseartha. Bhí baint aige, agus é ina mhac léinn i rith na 1960idí, le léirsiú na mac léinn in aghaidh pholasaithe airgeadais agus sóisialta rialtas Mheicsiceo maidir leis na Cluichí Oilimpeacha a eagrú sa tír sin. Tar éis Shléacht Dheireadh Fómhair nuair a maraíodh níos mó ná scór duine ag léirsiú, gabhadh Sebastián mar gheall ar a pháirt féin san fheachtas. Is beag a chuir sin isteach ar a shaol mar ealaíontóir agus cuireadh an chéad taispeántas aonair aige, le saothair bheaga criadóireachta den chuid is mó, ar siúl an bhliain chéanna sin sa *Museo des Artes i Ciudad Juárez*.

Spreagadh stíl a chuid ealaíne leis an spéis a chuir sé ó thús a shaoil ealaíontóireachta sna féidearthachtaí múnlóireachta a bhaineann leis an gcéimseata. Tháinig a shaothar faoi anáil Pablo Picasso agus Henry Moore, dealbhóir na Breataine, sa chaoi agus go mbíonn gné den Chiúbachas ag rith lena chuid dealbhóireachta, dealbhóireacht ar minic gur lú den teibíochas atá i gceist léi ná mar a shílfi ar an gcéad fhéachaint. D'oibrigh Sebastián i gcomhar le hailtíri ó am go chéile agus tá sé inniúil chomh maith ar dhearadh troscáin, seodra, éide agus stáitse. Cuireann an ealaín phraiticiúil ina leith sin uile lena chuid dealbhóireachta. 'Desplegables' nó 'fillteáin' a thugtar ar a luathshaothar, is é sin saothair bheaga páipéir atá ina réamhtheachtaithe ar na saothair mhóra dealbhóireachta a tharraingeodh cáil air le himeacht aimsire. Tá na saothair mhóra sin le feiceáil ar fud Mheicsiceo; dealbhóireacht 'geataí' de leithéid an *Gran Puerta a México* i Matamoros,

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Tamaulipas agus an *Puerta Chihuahua* a bhfeictear anois iad mar bhealaí isteach siombalacha chuig na cathracha ina bhfuil siad suite. Tá saothair eile níos faide ó bhaile, mar shampla an *Phoenix Arch* i Sakai na Seapáine atá faoin tráth seo ina shiombail ar an gcathair féin. Is dócha gurb é an saothar is iomráití ar fad leis *El Caballito* i gCathair Mheicsiceo atá suite os comhair an Torre del Caballito ina bhfuil oifigí ag daoine de rialtas Mheicsiceo.

Ó 1968 i Leith, tá níos mó ná 170 taispeántas aonair dá chuid saothar curtha ar bun i Meicsiceo, sa Ghearmáin, sa Bheilg, sa Bhrasaíl, sa Cholóim, sa Spáinn, san Ísiltír, sa tSualainn, san Iorua, in Éirinn, i Sasana, sa Phortaingéil, san Iodáil, sa Danmhairg, i gCeanada, san Fhionlainn, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Fhrainc, sa tSeapáin, san Eilvéis, agus i Veiniséala. Tá cáil air freisin mar fhear oideachais agus chaith sé 25 bliain ag teagasc san Universidad Nacional Autónoma de Mexico, chomh maith le tréimhsí ag teagasc i bhforais eile lena linn sin. Cuireadh an Fundación Cultural Sebastián ar bun sa bhliain 1997 mar eagraíocht neamhrialtais chun meon cultúir Mheicsiceo, na healaíona go háirithe, a chur chun cinn. Bronnadh ceithre cinn de chéimeanna onóracha dochtúirteachta air ó ollscoileanna i Meicsiceo agus sa bhliain 1983, bhí sé ar an gcéad saoránach de chuid Mheicsiceo a ainmníodh mar chomhaltá onórach d'Acadamh Ríoga na nDearcealaíona sa Háig, gradam a bhronn banríon na hÍsiltíre air. Bhronn an Éigipt de ghradam ar Sebastián sa bhliain 1994 go raibh sé ina aoí speisialta ag an *Biennial* i gCaireo agus bhí a chuid dealbhóireachta mar ábhar taispeántais i bPáras sa bhliain 1999 agus bhronn méara na cathrach an "*Médaille de Ville de Paris*" air.

Tagraíonn an téarma *Chac Mool* do stíl dealbhóireachta Méisimheiriceánach i dteampaill agus in ionaid bheannaithe ar fud Mheicsiceo Láir. Bíonn sé mar a bheadh feithicil idir an duine agus na déithe agus bhíodh de nós é a bheith i gcuma dhuine sínte leis na cosa in airde agus é ligthe anuas ar na huillinneacha, an t-éadan ag breathnú amach thar a ghualainn. Is minic babhla nó pláta ar an mbolg. D'ainmnigh an seandálaí a tháinig trasna ar an gcineál seo dealbhóireachta sa 19^ú céad as an ngaiscíoch ba mhó ag an gcine Máigheach é, *Chac Mool*. Mar a mhíníonn an t-ealaíontóir, ba ghnách an dath gorm a úsáid in obair freascó agus i lámhscríbhinní mar chomhartha gur daoine den chlér sagartóireachta a bhí i gceist. Cé gur beag i measc lucht staire agus antraipeolaíochta atá ar aon intinn faoi fheidhm nó bhí na seandéalbh ársa seo, táthar ann a cheapann gur cruthaíodh iad chun comóradh a dhéanamh ar ghaiscígh a treascraíodh ionas go bhféadfadh daoine bronntanais a thairiscint do na déithe i gcuimhne orthu. Le himeacht aimsire, tugadh chun suntais gur mó dealbha *Chac Mool* a bhí ar fáil i Meicsiceo Láir ná i gcríocha Máigheacha, rud a thug ar na saineolaithe an ceangal idir na dealbha seo agus nósanna íobairte na nAstacach a chíoradh.

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Ar champas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, treisítear leis an gceangal tréan dealbhóireachta idir *Chac Mool* le Sebstián agus an saothar de chuid Henry Moore i bhFaiche na Leabharlainne go háirithe, saothar dar teideal *Reclining Connected Forms* (1969). Mhaígh Moore go raibh an-spéis aige ó thús a shaoil i ndealbhóireacht Mheicsiceo, go háirithe i gcineál *Chac Mool*, rud a thug air a leagan féin den *Chac Mool* a dhéanamh as cloch Hornton sa bhliain 1929. Dúirt sé go raibh sin ar cheann de na saothair ba bhuntábhachtaí ina shaol agus tá sé ar taispeáint anois san Leeds Art Gallery i Sasana. Is í an spéis sin a chuir sé in *"forms that really existed and worked against each other"** a thug ar Moore na pearsaí sínte, a bhfuil oiread iomrá orthu ar fud an domhain, a fhorbairt. Is deis an *Chac Mool* gorm le Sebstián dul i ngleic le fíor an duine, cruth, dath agus spás dealbhóireachta ar bhealach bríomhar comhaimseartha atá ina chuid de thraidisiún ársa na dearcealaíne.

*Sliocht ó Henry Moore in Ionel Jianou, *Henry Moore*, arna aistriú ag Geoffrey Skelding, Arted, Páras 1968, II.28-9